Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020
(OR. en)

14039/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0166(APP)**

CADREFIN 450
RESPR 82
POLGEN 228
FIN 958

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus Pacáiste Téarnaimh<br>- Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 - GLACADH |

1. I mí na Bealtaine 2018, thíolaic an Coimisiún an togra uaidh maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Áiríodh go háirithe sa phacáiste sin togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (Rialachán CAI).

2. Le paindéim COVID-19 tháinig athrú ar na himthosca faoinar caibidlíodh an creat airgeadais ilbhliantúil. An 23 Aibreán 2020, chuir na ceannairí de chúram ar an gCoimisiún Eorpach togra a chur i dtoll a chéile go práinneach maidir le ciste téarnaimh a bheadh comhchuimseach leis an dúshlán atá ann. Chuir siad i dtreis freisin gur gá an creat airgeadais ilbhliantúil a choigeartú chun déileáil leis an ngéarchéim agus ar lean í.

3. Thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí i mí na Bealtaine 2020, inar foráladh go gcruthófaí ionstraim théarnaimh nua AE (dá ngairtear “Next Generation EU” freisin) agus go ndéanfaí athbhreithniú spriocdhírithe ar phacáiste tograí CAI 2018, ag cur san áireamh freisin an dul chun cinn a rinneadh ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil sa Chomhairle.

4. Ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17 go dtí 21 Iúil 2020, glacadh conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo agus ionstraim théarnaimh an Aontais “Next Generation EU (NGEU)”[1].

5. Rinne an uachtaránacht tograí comhréitigh ón uachtaránacht den treoir pholaitiúil a chuir an Chomhairle Eorpach ar fáil an 21 Iúil 2020. An 29 Iúil 2020, d’aontaigh Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) i dtéarmaí ginearálta go bhféadfadh an uachtaránacht dul i mbun plé le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an togra comhréitigh thuasluaite ón uachtaránacht, d’fhonn a thoiliú a chinntiú maidir le Rialachán CAI.

6. Idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2020, tionóladh dhá cheann déag d’idirphléití trípháirteacha neamhfhoirmiúla ar an leibhéal polaitiúil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach. An 10 Samhain 2020, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo agus an pacáiste téarnaimh.

7. An 16 Samhain 2020, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go dtí 2027 mar a chuirtear i láthair in 12792/20 + ADD 1 é, faoi réir bailchríoch a bheith curtha air ag na dlítheangeolaithe;

8. An 11 Nollaig 2020, chinn COREPER, faoi réir toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, a mholadh don Chomhairle dréacht-Rialachán CAI (9970/20 + COR 1 (hr) + COR 2 (sv) mar ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air) a ghlacadh.

9. An 14 Nollaig, d’fhormheas an Chomhairle go gcuirfí ar aghaidh an dréacht-Rialacháin ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021- 2027 (9970/20 + COR 1 (hr) + COR 2 (sv) é, mar ar chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air) chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 312(2) CFAE.

10. Meastar go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa a toiliú don rialachán sin an 16 Nollaig 2020.

[1] 10/20

11. Tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, iarrtar ar an gComhairle dá bhrí sin:

a) an dréacht-Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 a ghlacadh d'aon toil mar a leagtar amach in 9970/20 + COR 1 (hr) + COR 2 (sv) + REV 1 (nl) mar ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air;

b) a chinneadh go ndéanfar na dearbhuithe comhpháirteacha agus na dearbhuithe ón gCoimisiún a leagtar amach in 12793/20 + COR 1 (da) + COR 2 (cs) + COR 3 (et) + COR 4 (lt) + COR 5 (pl) + COR 6 (sl) + COR 7 (ga), chomh maith leis na ráitis ó na toscaireachtaí a leagtar amach in 14039/20 ADD 1 a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe.